Éamon de Buitléar

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Éamon de Buitléar a fuair bás le déanaí. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat leagan Béarla na dtéarmaí / na bhfrásaí a aimsiú?

ómós: _____
Iar-Sheanadóir: _____
trí bliana agus ceithre scór: _____
fiadhúlra: _____
scannáin neamhspleácha: _____
lucht féachana: _____
comhléirigh: _____
ag craoladh: _____
ag faire: _____
clár faisnéise: _____
cuimhneofar: _____

Féachaigí ar an mhír uair amháin gan aon ní a bhreacadh síos.

Ceist 2 Féach ar an mhír arís agus ceangail na focail i gcolún **A** leis na fíricí cearta i gcolún **B**:

A	**B**
1. 1930	a. Bhain sé cáil amach leis an chlár seo.
2. Bré, Cill Mhantáin	b. Ceapadh ina Sheanadóir é.
3. Amuigh Faoin Spéir	c. Rugadh é i nGaillimh.
4. Bosca ceoil	d. Bhuaigh an clár *Cois Farraige leis an Madra Uisce* é seo.
5. Gradam Jacob	e. Ba cheoltóir maith é agus bhí sé in ann é seo a sheinm.
6. 1987	f. Bhog sé ansin nuair a bhí sé óg agus fuair sé bás ansin freisin.

1	2	3	4	5	6

Ceist 3 Éist leis an mhír arís agus scríobh beathaisnéis ghearr ar Éamon de Buitléar ag úsáid na ndátaí seo:

1930
Tús na 60í
1986
1987
2013

Ceist 4. *'…déantóir…'*

(a) Is iomaí focal a chiallaíonn ***gairm duine*** a chruthaítear trí –óir nó –eoir a chur le fréamh an fhocail. *Múinteoir* nó *tuismitheoir*, mar shampla. An bhfuil aon sampla eile agat?

(b) Roghnaigh an deireadh ceart le cur leis na focail seo chun gairm a chruthú:

Scannán-
Craolt-
Scríbhn-
Ceolt-
Gaeilg-
Seanad-

(c) Éist leis an mhír le feiceáil an raibh an ceart agat. An raibh sampla d'aon ghairm eile le cloisteáil inti?

(d) Bhí an uimhir iolra den fhocal 'ceoltóir' sa mhír. Cad a bhí ann? Cuir na samplaí thuas san uimhir iolra anois.

Ceist 5 '…rugadh…'

(a) Tá an briathar thuas san aimsir chaite, ach cén ghné den aimsir chaite atá ann?

(b) Féach ar na rialacha a bhaineann leis an ghné seo:

An chéad réimniú - leathan	An chéad réimniú - caol	An dara réimniú - leathan	An dara réimniú - caol
Dún – dúnadh Glan – glanadh	Cuir – cuireadh Bris - briseadh	Ceannaigh – ceannaíodh Bunaigh – bunaíodh	Cinntigh – cinntíodh Mínigh – míniodh

(c) Cuir na briathra thíos san aimsir chaite, briathar saor agus ansin in abairtí lena mbrí a léiriú:

scuab, greamaigh, scríobh, seol, léirigh, ith

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- An raibh aon chur amach agat ar Éamon de Buitléar?
- An bhfuil dúil agat i gcláir fhiadhúlra? Cén fáth?
- An bhfuil cláir fhiadhúlra chomh coitianta anois is a bhí fiche bliain ó shin? Cén fáth?
- Dá mbeadh an deis agat scannán a chruthú ar aon topaic faoin spéir, cad air a mbunófá é?

Freagraí

Ceist 1

ómós:	*respect*
Iar-Sheanadóir:	*former Senator*
trí bliana agus ceithre scór:	*eighty four*
fiadhúlra:	*wildlife*
scannáin neamhspleácha:	*independent films*
lucht féachana:	*audience*
comhléirigh:	*co-produced*
ag craoladh:	*broadcasting*
ag faire:	*looking at, watching*
clár faisnéise:	*documentary*
cuimhneofar:	*will be remembered*

Ceist 2

1	2	3	4	5	6
c	f	a	e	d	b

Ceist 3

1930:	Rugadh Éamon de Buitléar sa bhliain 1930.
Tús na 60í:	Bhain sé cáil amach leis an chlár faisnéise *Amuigh Faoin Spéir* nuair a bhí tús leis an teilifís in Éirinn.
1986:	Bhuaigh an clár *Cois Farraige leis an Madra Uisce* an gradam Jacob sa bhliain 1986.
1987:	Ceapadh ina Sheanadóir é.
2013:	Fuair sé bás.

Ceist 4

(a) Iarr ar na foghlaimeoirí cúpla sampla a sholáthar.
(b) Scannánóir, craoltóir, scríbhneoir, ceoltóir, Gaeilgeoir, Seanadóir
(c) ‘ealaíontóir’
(d) ‘ceoltóirí’, scannánóirí, craoltóirí, scríbhneoirí, ceoltóirí, Gaeilgeoirí, Seanadóirí

Ceist 5

(a) An briathar saor.
(b) Léigh na rialacha leo.
(c) Scuabadh, greamaíodh, scríobhadh, seoladh, léiríodh, itheadh

Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
Tá ómós mór á thabhairt i gcaitheamh an lae don déantóir scannán clúiteach agus an tIar-Sheanadóir Éamon de Buitléar, a bhásaigh aréir ina theach cónaithe i nDeilgne i gContae Chill Mhantáin. Trí bliana le cois na gceithre[i] scór a bhí sé.

'Nuair a thosaigh muid ag tús na seascaidí ag déanamh cláracha teilifíse…'

Eibhlín Ní Choisdealbha
Scannánóir, craoltóir, scríbhneoir, ceoltóir, Gaeilgeoir agus Iar-Sheanadóir – is iomaí scil a bhí ag Éamon de Buitléar. Rugadh Éamon in 1930, chaith sé na blianta tosaigh dá shaol ag maireachtáil sa Ghaillimh go dtí gur bhog[ii] a theaghlach go dtí Gleann na Deilgne cóngarach do Bhré i gCill Mhantáin, áit gur músclaíodh[iii] a shuim sa bhfiadhúlra[iv].

I dtosach na seascaidí thosaigh Éamon de Buitléar ag déanamh scannáin neamhspleácha faoin bhfiadhúlra. Go gairid tar éis don dteilifís[v] teacht ar an aer sa tír seo den gcéad uair bhain sé cáil amach i measc mhuintir na hÉireann lena chlár *Amuigh Faoin Spéir*. Clár inar roinn sé a ghrá don nádúr agus don bhfiadhúlra leis an lucht féachana. Ba *Amuigh Faoin Spéir* sraith a chomhléirigh Éamon leis an ealaíontóir Ollainnise Gerrit Van Gelderen, an chéad sraith[vi] fiadhúlra a craoladh in Éirinn. Dhein sé cláracha don BBC[vii] agus do TG4 leis, i measc cainéal[viii] eile. Ceoltóir ba ea Éamon de Buitléar chomh maith, bhí sé in ann bosca ceoil agus orgán béil a sheinm. Go deimhin, sular thosaigh sé ag craoladh ar an dteilifís ar dtús is ag scríobh agus ag cur i láthair cláracha raidió ar cheol traidisiúnta na hÉireann a bhíodh sé. Sna seascaidí bhí sé an-mhór leis an gceoltóir aitheanta Seán Ó Riada. Bhí sé ina bhall de cheoltóirí Chualann agus baint aige lena bhunú. Ach, bhí Éamon i gcónaí ag iarraidh bheith ag obair taobh amuigh sa nádúr ag faire ar ainmhithe, ar éisc agus ar éiníní. Bhuaigh a chuid cláracha faisnéise, an-chuid acu a bhí bunaithe ar Iarthar na hÉireann, go leor gradam. I 1986 bhuaigh a chlár teilifíse *Cois Farraige Leis an Madra Uisce* gradam *Jacob*.

Bhí Éamon de Buitléar ina Sheanadóir ar feadh roinnt mhaith blianta. I 1987 cheap Taoiseach an ama[ix], Charles J. Haughey é mar bhall de Sheanad Éireann. Ceapadh ar an bPríomhbhord Iascaigh é in 2005. Cuimhneofar ar Éamon de Buitléar as áthas saoil an fhiadhúlra a thabhairt isteach go seomraí suite na hÉireann den gcéad uair. Maireann a bhean Lailli agus cúigear leanaí fásta.

[i] *na cheithre scór* a deirtear
[ii] *go mbog* a deirtear (úsáidtear *go + urú* go minic san aimsir chaite in áit *gur + séimhiú* i gcanúint na Mumhan)
[iii] *go músclaíodh* a deirtear, *gur músclaíodh*/ ar músclaíodh atá sa chaighdeán
[iv] cuirtear *urú* seachas séimhiú ar an bhfocal go minic tar éis *sa / den / don* i gcanúint na Mumhan
[v] *don teilifís* atá sa chaighdeán
[vi] *shraith* a deirtear
[vii] *don mBBC* a deirtear
[viii] *canálacha* a deirtear
[ix] *na hama* a deirtear